

European Language Label An Séala Eorpach Teanga



2017



- 3** Message from the Jury Chair
- 5** Use of Target Language in the Modern Foreign Language Classroom
- 7** Saoire as Gaeilge - Irish Language Holidays
- 9** HELP - Healthcare English Language Programme
- 11** JUSTISIGNS – VET in Interpreting and Justice
- 13** TG4 Foghlaim
- 15** Language Teachers of the Year
- 17** Annie Asgard
- 19** Katie Hannon
- 21** Gretta Daly
- 23** Maria Whitty-Sexton
- 25** European Day of Languages
- 27** European Centre for Modern Languages
- 29** eTwinning
- 31** EPALE
- 33** Léargas



- 4** Focal ó Chathaoirleach an Ghiúiré
- 6** Úsáid na Sprioctheanga i Seomra Ranga na Nuatheangacha Iasachta
- 8** Saoire as Gaeilge
- 10** HELP - Clár Béarla Cúram Sláinte
- 12** JUSTISIGNS – VET san Ateangaireacht agus sa Dlí
- 14** TG4 Foghlaim
- 16** Múinteoirí Teanga na Bliana
- 18** Annie Asgard
- 20** Katie Hannon
- 22** Gretta Daly
- 24** Maria Whitty-Sexton
- 26** Lá Eorpach na dTeangacha
- 28** An tIonad Eorpach um Nuatheangacha
- 30** eTwinning
- 32** EPALE
- 34** Léargas



Message from the Jury Chair

Dr Céline Healy,
Chair of Jury, European Language Label 2017



On behalf of the national jury of the European Language Label 2017, I would like to extend our heartiest congratulations to this year's worthy winners of the European Language Label Award, the Language Teacher of the Year Award and the 2016 Léargas European Day of Languages Competition.

This year's winning projects are from a cross section of sectors – education, leisure, healthcare and legal – and target both adult and child learners through their innovative use of resources. They demonstrate creative thinking leading to improved teaching provision and learner achievement. They acknowledge the importance of communication through the target language as a means of conveying meaning as well as for learning. They highlight that language learning is not a mere cognitive exercise but a means of enabling us to more fully communicate, understand and engage with others.

Each year in this competition, the jury intensively examines the applications, shortlists the projects that meet the Language Label criteria, and visits them to ensure the excellence of each award-winning project. We are delighted to recognise and award these innovators in the field of language teaching and learning.

This is the inaugural year of the Language Teacher of the Year Award which allows us to show our appreciation of the key role teachers play in promoting plurilingualism. The award recognises the dedication of teachers to motivate and support their learners in developing their communicative ability, intercultural competence and language awareness. The four recipients were

nominated by their students and colleagues in appreciation of their innovative ways of motivating and supporting learners. These teachers enable their learners to develop strategies for learning languages independently, both now and in the future. Through their consistent use of the target language and by creating meaningful opportunities for learners to use it communicatively, they link the classroom to the outside world. They simultaneously help develop learners' competence and confidence in their target language use and learning. These teachers are an inspiration for their learners but also for their language teaching colleagues.

The Léargas European Day of Languages Competition highlights that target language use is not just the reserve of the language classroom but can be meaningfully used across the curriculum. It encourages teachers and learners to work in a cross-curricular way using the target language to facilitate and to convey their learning.

"If we spoke a different language, we would perceive a somewhat different world"

Ludwig Wittgenstein

We warmly congratulate you whose achievements in the field of language teaching and learning are being recognised and celebrated here today.



Focal ó Chathaoirleach an Ghiúiré

An Dr Céline Healy,
Cathaoirleach an Ghiúiré, An Séala Eorpach Teanga 2017

Thar ceann Ghiúire Náisiúnta an tSéala Eorpaigh Teanga 2017, ba mhaith liom comhghairdeas ó chroí a chur in iúl do bhuaiteoirí Ghradam an tSéala Eorpaigh Teanga, do bhuaiteoirí Ghradam Mhúinteoir Teanga na Bliana agus do bhuaiteoirí Chomórtas Lá Eorpach na dTeangacha 2016 a réachtáil Léargas.

I mbliana is as réimse earnálacha iad na tionscadail a bhuaigh – an t-oideachas, an fhóillíocht, an cúram sláinte agus an dlí – agus díríonn siad ar fhoghlaiméirí fásta agus ar fhoghlaiméirí óga agus na tionsnamh ag baint úsáide as a n-áiseanna ar shlí nuálach. Léiríonn na tionscnaimh smaointeoireacht chruthaitheach agus mar gheall orthu cuireann siad feabhas ar an soláthar don mhúinteoireacht agus ar ghnóthachtáil an fhoghlaiméora. Aithníonn na tionscnaimh an tábhacht atá leis an gcumarsáid sa sprioctheanga mar shlí chun ní hamháin foghlaim ach brí a chur in iúl chomh maith. Leiríonn na tionscnaimh nach ceacht cognaíoch amháin í foghlaim teanga ach slí chun sinn a chur ar ár gcumas cumarsáid a dhéanamh le daoine eile, iad a thuiscint agus teagmháil a dhéanamh leo.

Gach bliain sa chomórtas seo, déanann an giúire dianscrúdú ar na hiarratais, déanann sé gearrliosta de na tionscadail a chomhlíonann critéir an tSéala Teanga, agus téann an giúire ar cuairt chucu le cinntiú cé chomh maith agus a bhí na tionscadail a bhuaigh gradam. Is cúis áthais dúinn aitheantas a thabhairt do na nuálaithe seo i réimse múineadh agus foghlaim teangacha.

Is í seo an chéad bhliain de Ghradam Mhúinteoir Teanga na Bliana. Tugann an gradam seo seans dúinn ár mbuíochoas a léiriú don ról tábhachtach a bhíonn ag múinteoirí i gcur chun cinn an ilteangachais. Aithníonn an gradam díograis múinteoirí a

spreagann a bhfoghlaiméirí agus a thacaíonn leo chun forbairt a dhéanamh ar a gcumas cumarsáide, a gcumas idirchultúrtha, agus a bhfeasacht teanga. Is iad na ndaltaí agus a gcomhghleacaithe a d'ainmnigh an ceathrar toisc go raibh meas acu ar na bealaí nuálacha a bhí acu chun foghlaiméirí a spreagadh agus chun tacú leo. Cuireann na múinteoirí seo na foghlaiméirí ar a gcumas chun straitéis a fhorbairt chun teangacha a fhoghlaim go neamhspleách, anois agus san am atá le teacht. Agus na múinteoirí seo ag baint úsáid leanúnach as an sprioctheanga agus as seansanna chun í a labhairt i mbealaí a bhfuil brí leo, nascann siad an seomra ranga leis an domhan lasmuigh. Ag an am céanna cabhraíonn siad le forbairt chumas agus mhuinín an fhoghlaiméora in úsáid agus foghlaim na sprioctheanga. Is inspioráid iad na múinteoirí seo dá bhfoghlaiméirí, ach is inspioráid iad dá gcomhghleacaithe a mhuineann teangacha freisin.

Léiríonn Comórtas Lá Eorpach na dTeangacha a réachtáilann Léargas gur féidir sprioctheanga a úsáid trasna an churaclaim agus nach mbaineann úsáid na sprioctheanga ach le seomra ranga teanga. Spreagann an comórtas múinteoirí agus foghlaiméirí le hoibriú i slí traschuraclaim ag baint úsáide as an sprioctheanga chun í a éascú agus a chur in iúl.

"Dá labhródh muid teanga éagsúil, bhraithfeadh muid an saol beagainín éagsúil"

Ludwig Wittgenstein

Déanaimid comhghairdeas croíúil leo siúd a bhfuil an méid atá bainte amach acu á aithint agus á cheiliúradh anseo inniu.



Use of Target Language in the Modern Foreign Language Classroom

Post-Primary Languages Initiative



These online tutorials were developed as an opportunity for Modern Foreign Language teachers to engage in Continuous Professional Development in the area of Target Language use. The tutorials present a range of strategies and possibilities for increasing the use of the Target Language in Modern Foreign Language classes by both teachers and students. Examples include use of language ladders, advice on planning for progression, and good classroom interactions. The tutorials feature videos of good classroom practice across languages, produced specifically for the tutorials.

They show Irish teachers in an Irish context using Target Language successfully and demonstrating the strategies and examples shown in the tutorials. The tutorials also include interactive activities to help teachers recognise the benefits of using the Target Language in teaching and learning; maximise the use of the Target Language in the classroom; identify and implement strategies to support their students in their use of the Target Language; plan for progression in the use of Target Language by both teachers and students; and appreciate the role of the language of instruction in the Modern Foreign Language classroom. The tutorials also encourage teachers

to reflect on their current practice and set goals for increasing the use of the Target Language in their schools and classrooms.

Five tutorials were developed according to the main topic areas identified:

- Introduction to use of Target Language
- Teachers' use of the Target Language
- Students' use of the Target Language
- Planning and Progression
- The role of English/Irish

The tutorials are accessible to anyone who wishes to use them regardless of where they live or what their schedule is. There is no need to register and teachers can work through them at their own pace or access different modules according to their needs. They are available at <http://languagesinitiative.ie/resources/teachingandlearning/cpd-online>

"The tutorials are accessible to anyone who wishes to use them regardless of where they live or what their schedule is."

The project is extremely comprehensive in its provision of online resources. Resources, and the platforms on which they are hosted, are used very creatively, combining online teaching in an interactive manner, and also providing an offline planning interface.

Contact details: Karen Ruddock, The Post Primary Languages Initiative, Marino Institute of Education, Griffith Avenue, Dublin 9. Tel: 01 805 7794
Email: languagesinitiative@mie.ie Website: www.languagesinitiative.ie



Úsáid na Sprioctheanga i Seomra Ranga na Nuatheangacha Iasachta

Tionscamh Teangacha Iar-bhunscoile



Forbraíodh na ranganna teagaisc ar líne seo mar sheans le haghaidh múinteoirí nuatheangacha iasachta chun páirt a ghlacadh i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach i réimse úsáid na Sprioctheanga. Cuireann na ranganna teagaisc réimse straitéisí agus féidearthachtaí i láthair do mhúinteoirí agus do dhaltáí chun úsáid níos mó a bhaint as an Sprioctheanga i ranganna Nuatheangacha Iasachta. I measc na samplaí tá: dreimíri teanga, comhairle ar phleanáil le haghaidh dul chun cinn, agus comhairle ar idirghníomhaíochtaí maithe sa seomra ranga. Sna ranganna teagaisc tá físeáin ann de chleachtadh maith trasna teangacha sa seomra ranga, agus rinneadh na físeáin go sonrach do na ranganna teagaisc.

Taispeánann na físeáin múinteoirí Éireannacha i gcomhthéacs Éireannach ag baint úsáide as an Sprioctheanga i gceart agus léiríonn na múinteoirí na straitéisí agus na samplaí atá le feiceáil sna ranganna teagaisc. Tá gníomhaíochtaí idirghníomhacha sna ranganna teagaisc freisin agus cabhraíonn siad le múinteoirí a aithint na buntáistí a bhaineann le húsáid na Sprioctheanga i múineadh agus i bhfoghlaím; léiríonn siad conas an úsáid is mó a bhaint as an Sprioctheanga sa seomra ranga; léiríonn siad conas straitéisí a aithint agus a chur i bhfeidhm le tacú le daltaí ina n-úsáid den Sprioctheanga; léiríonn siad conas is féidir le múinteoirí agus daltaí dul chun cinn a phleanáil sa Sprioctheanga; agus léiríonn siad freisin an tábhacht atá le ról theanga an teagaisc i seomra ranga

na Nuatheangacha Iasachta. Spreagann na ranganna teagaisc múinteoirí chun machnamh a dhéanamh ar a gcleachtaí Reatha agus spriocanna a leagan amach chun níos mó úsáide a bhaint as an Sprioctheanga ina scoileanna agus ina seomraí ranga.

Forbraíodh cúig rang teagaisc de réir réimsí na bpríomhábhar a aithníodh:

- Tús á chur le húsáid na Sprioctheanga
- An úsáid a bhaint na múinteoirí as an Sprioctheanga
- An úsáid a bhaint daltaí as an Sprioctheanga
- Pleanáil agus Dul chun cinn
- Ról an Bhéarla/ na Gaeilge

Tá na ranganna teagaisc seo ar fáil do dhaoine ar mian leo úsáid a bhaint astu, is cuma cá bhfuil siad ina gcónaí nó cén sceideal atá acu. Ní gá dóibh clárú agus is féidir le múinteoirí oibriú orthu ar a luas féin nó dul isteach i modúil éagsúla de réir a riachtanas féin. Tá siad ar fáil ag <http://languagesinitiative.ie/resources/teachingandlearning/cpd-online>

"Tá na ranganna teagaisc seo ar fáil do dhaoine ar mian leo úsáid a bhaint astu, is cuma cá bhfuil siad ina gcónaí nó cén sceideal atá acu."

Tá an tionscadal seo an-chuimsitheach ina sholáthar d'acmhainní ar líne. Baintear úsáid go cruthaitheach as na hacmhainní, agus as na hardáin ar a bhfuil siad, agus nasctar teagasc ar líne ar shlí idirghníomhach, agus cuirtear comhéadan pleanála as líne ar fáil freisin.

Sonraí teagmhála: Karen Ruddock, Tionscamh Teangacha Iar-bhunscoile, Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9. Fón: 01 805 7794
R-phost: languagesinitiative@mie.ie Suíomh gréasáin: www.languagesinitiative.ie



Saoire as Gaeilge - Irish Language Holidays

Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh CTR



Saoire As Gaeilge – Irish Language Holidays is a project dedicated to improving Irish as a family language, in a way that is attractive and motivating for everyone in the family. Formal classes run alongside fun activities, speaking opportunities and language immersion.

Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh of the Iveragh Gaeltacht founded this project in 2013 after exploring the possibilities of developing a language project in the area.

This course has been available for five years now, and is growing and improving year by year. We see this in the number of people showing an interest in taking part in the course. Of the fifteen families that took part in the course this year, seven families were returning to do the course again which is fantastic and indicates that our course is enjoyable.

Excellent local teachers and facilitators work on the project each year, and their love for Irish and the local area can be felt as they happily do their jobs. Other small businesses offer services to the course, such as water sport classes, horse riding classes and information sessions about local sea life – and all these sessions are run through Irish.

There is an emphasis on inspiring everyone on the course, from young to old, to speak Irish. In that way, within a week families have laid down the practical foundation for Irish as a realistic spoken language in the family.

As tourists say of the area, “Come for the beauty and you’ll leave with the Skellig spirit inside of your heart”. We hope that our learners will go home with this local spirit inside their hearts, and that our native language, Irish, occupies their hearts as well.

Furthermore we hope that they will spread the word and tell their friends about our wonderful course and that next year the course will be bigger and better. Our course is fantastic for the local community. It brings great excitement and life to the area and gives learners the opportunity to practise the language during the day – among themselves, with the team and in the community. As we say, ‘Cleachtadh a dhéanann máistreacht’ – ‘practice makes perfect’!

“Their love for Irish and the local area can be felt as they happily do their jobs.”

The concept of attending the course as a family means that parents and children are learning together and enables them to bring the use of Irish into the home as well as school. The surveys carried out to date have shown very positive feedback.

Contact details: Áine Uí Bheoláin, Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh CTR, Kenneigh, Cahersiveen, Co. Kerry Tel: 066 947 4888 Email: ccnfteo@indigo.ie Website: www.irishlanguageholidays.com



Saoire as Gaeilge

Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh CTR



Is tionscadal í Saoire as Gaeilge atá tiomnaithe don Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga teaghlaigh, i slí atá tarraingteach agus spreagúil do gach duine sa teaghlach. Baintear úsáid as ranganna foirmeálta le hais imeachtaí spráilúla, as deiseanna labhartha, agus as tumadh sa teanga chun an aidhm seo a bhaint amach.

Bhunaigh Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh an tionscadal seo in 2013 i ndiaidh dóibh cioradh a dhéanamh ar na féidearthachtaí d’fhorbairt tionscadal teanga sa cheantar.

Tá an cúrsa seo ar fáil anois le cúig bliana, agus fás agus forbairt ag teacht ó bhliain go bliain ar líon na ndaoine atá ag léiriú suime agus ag glacadh páirte sa chúrsa. As na cúig theaghlach déag a bhí páirteach sa chúrsa i mbliana, bhí seacht dteaghlach ar ais arís chun an cúrsa a dhéanamh - is iontach an rud é sin. Léiríonn a leithéid go bhfuil ár gcúrsa taitneamhach.

Tá múinteoirí agus áisitheoirí áitiúla den scoth ag obair ar an tionscadal gach bliain, agus tá an grá atá acu don Ghaeilge agus don cheantar áitiúil le mothú go fonnmhar agus iad i mbun a chuid dualgas. Cuireann gnónna beaga áitiúla eile seirbhísí ar fáil don chúrsa, mar shampla, ranganna spóirt mhara, ranganna marcaíochta capaill, seisiúin eolais faoin mbitheolaíocht mara áitiúil srl. - agus tá na seisiúin seo ar fad trí Ghaeilge.

Tá béim shuntasach á leagan ar inspioraid a thabhairt do gach éinne idir óg agus aosta ar an gcúrsa an Ghaeilge a labhairt, agus sa tslí sin, laistigh de sheachtain tá bunchloch leagtha síos i slí fhíorphraiticiúil chun an Ghaeilge a bheith mar theanga labhartha réadúil ag an teaghlach.

Mar a deir lucht turasóireachta an cheantair, “Tar chugainn don áilleacht agus imeoidh tú le spiorad na Sceilige i do chroí istigh.” Tá súil againn go rachaidh ár bhfoghlaiméirí abhaile le spiorad na dúthaí seo ina gcroíthe istigh, agus go mbeidh ár dteanga dúchais, an Ghaeilge, sealbhaithe ina gcroíthe chomh maith.

Ina theannta sin tá súil againn go mbeidh siad ag scaipeadh an scéil lena gcairde faoinár gcúrsa iontach agus go mbeidh an cúrsa níos mó agus níos fearr an bhliain seo chugainn. Tá an cúrsa go hiontach don phobal áitiúil. Bíonn spraoi agus beocht ar fud na háite agus bíonn deis ag foghlaiméirí an teanga a chleachtadh i rith an lae, eatarthu féin, leis an bhfoireann agus sa phobal. ‘Cleachtadh a dhéanann máistreacht’ mar a déarfai.

“Tá an grá atá acu don Ghaeilge agus don cheantar áitiúil le mothú go fonnmhar agus iad i mbun a chuid dualgas.”


Is mar theaghlach a fhreastalann siad ar an gcúrsa agus ciallaíonn an smaoineamh sin go bhfuil tuismitheoirí agus páistí ag foghlaim le chéile agus cuireann sé ar a gcumas an Ghaeilge a úsáid sa bhaile chomh maith leis an scoil. Sna suirbhéanna a rinneadh go dtí seo bhí aiseolas an-dearfach ann.

Sonraí teagmhála: Áine Uí Bheoláin, Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh CTR, Ceann Eich, Cathair Saidhbhín, Co Chiarraí Fón: 066 947 4888 R-phost: ccnfteo@indigo.ie Suíomh gréasáin: www.irishlanguageholidays.com



HELP - Healthcare English Language Programme

Fastrack into Information Technology Limited



Today more than ever, the quality of medical services depends on effective communication and intercultural skills. HELP is an answer to some of the communication challenges in healthcare higher education and professional practice.

HELP was funded by the Higher Education Strategic Partnerships action of Erasmus+, which aims to modernise European Union Higher Education and strengthen quality mobility and cross-border cooperation. An international interdisciplinary team of language teachers, linguists, pedagogues, medical doctors and software engineers from seven countries created the programme. HELP is a product of successful European cooperation with a European perspective.

HELP is for English language learners in Higher Education and for healthcare professionals at levels B1 and B2 of the Common European Framework for Languages. It consists of 14 medical and six intercultural modules and prepares students for their careers, which increasingly can take place in a European workplace.

The intention is to contribute to consolidating professional knowledge learnt in the national language, and to present the most relevant medical topics in a practical way. Content and media also

address the emotional side of supporting learning. HELP fulfils specific practical communication requirements for different fields of professional activity (such as care, hospital, medical tourism), as well as ethical and intercultural preparation in a holistic way. Learning supports include audio and video materials and a mobile app, for use in formal and informal learning settings. The authors have provided teachers and learners with the widest range of formats and separate instructions for self-learners to allow for independent learning anywhere and at any time, which increases the access to higher education and workplace learning.

Users can download all media resources for offline use. They can also download all modules as a pdf. This allows users to choose how and where to learn. Assistance is provided by a user guide and learning tips. Learners can also join a HELP Skype community to find communication partners.

HELP meets formal education requirements during professional studies, for further learning and real-time workplace orientation. The programme combines learning for the development of foreign language and intercultural competences.

You can access HELP at <http://help-theproject.eu/moodle/> or in the Google App store.

The platform that has been created is innovative and well-structured. It could be adapted for use with languages other than English. This project is innovative in that it supplies materials that are unique and focused. Materials are particularly well-supported for autonomous learning.

Contact details: Debbie Merrigan, Fastrack into Information Technology Limited, 7a Bellevue Industrial Estate, Glasnevin, Dublin 11. Tel: 01 882 5570
Email: DebbieMerrigan@fit.ie Website: <http://help-theproject.eu>



HELP - Clár Béarla Cúram Sláinte

Fastrack into Information Technology Limited



Níos mó ná riamh, braitheann cáilíocht seirbhísí leighis ar chumarsáid éifeachtach agus scileanna idirchultúrtha. Is é HELP an freagra ar roinnt de na dúshlán chumarsáide in ardoideachas cúram sláinte agus ina chleachtadh gairmiúil

Mhaoinigh gníomh Chomhpháirtíochtaí Straitéiseach Ardoideachais Erasmus+ HELP Is í aidhm Erasmus+ chun cruth nua-aimseartha a chur ar Ardoideachas an Aontais Eorpaigh agus chun cáilíocht, soghluaisteacht, agus comhoibriú trasteorann a neartú. Chun an clár a chruthú bhí foireann idimáisiúnta idirdhisciplíneach ann ó sheacht tír; múinteoirí teanga, teangeolaithe, oideolaithe, dochtúirí leighis agus innealtóirí bogearraí. Is táirge de chomhoibriú ráthúil Eorpach é HELP agus tá dearcadh Eorpach le feiceáil ann.

Tá HELP ann le haghaidh foghlaimoirí Béarla san Ardoideachas agus le haghaidh daoine gairmiúla sa chúram sláinte atá ar leibhéal B1 agus B2 i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha. Tá 14 mhodúl leighis agus 6 mhodúl idirchultúrtha ann agus ullmhaíonn siad mic léinn dá ngairmeacha beatha atá ag tarlú níos minice in ionaid oibre Eorpacha.

Tá an clár ann chun cur le daingniú an eolais ghairmiúil a foghlaimíodh sa teanga náisiúnta, agus leis na hábhair leighis is ábhartha a chur i láthair i slí phraiticiúil. Díríonn an t-ábhar agus na meáin ar an taobh mothúchánach agus ar thacaíocht foghlama.

Comhlíonann HELP riachtanais phraiticiúla shainiúla cumarsáide le haghaidh réimsí éagsúla de ghníomhaíocht ghairmiúil (cúram, ospidéal, turasóireacht leighis, mar shampla), chomh maith le hullmhú eiticíúil idirchultúrtha i slí iomlánaíoch. Tá tacaíochtaí foghlama ann, ábhair fhuaimne agus fhíse agus aip fóin, agus is féidir iad a úsáid in ionaid fhoirmiúla foghlama agus in ionaid neamhfoirmiúla. Chuir na húdair an réimse is leithne formad ar fáil do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimoirí agus tá treoracha ar leith ann d'fhéinfhoghlaimoirí ionas go mbeidh siad in ann foghlaim go neamhspleách in áit ar bith agus ag am ar bith, rud a chuireann leis an rochtain ar ardoideachas agus ar fhoghlaim san ionad oibre.

Is féidir le húsáideoirí áiseanna meán a íoslódáil le haghaidh úsáid as líne. Is féidir leo na modúil uile a íoslódáil mar pdf. Mar gheall air seo, is féidir le húsáideoirí a roghnú conas agus cá bhfoghlaimíodh. Tá treoir úsáideora agus léideanna foghlama ann le cabhrú leo. Is féidir le foghlaimoirí páirt a ghlacadh i bpobal Skype HELP le teacht ar pháirtithe.

Comhlíonann HELP riachtanais oideachais fhoirmiúil le linn staidéir ghairmiúla, le haghaidh breisoideachais agus le haghaidh séisiúin treoracha fíorama san ionad oibre. Tá foghlaim le haghaidh forbairt teanga iasachta agus scileanna idirchultúrtha sa chlár.

Is féidir leat teacht ar HELP ag <http://help-theproject.eu/moodle/> nó i stór Aipeanna Google.

An t-ardán a cruthaíodh tá sé nuálach agus curtha le chéile go maith. D'fhéadfaí é a chur in úsáid le haghaidh teangacha eile seachas an Béarla. Tá an tionscadal nuálach toisc go gcuireann sé ábhair ar fáil atá uaitiúil agus dírithe. Sna hábhair tá tacaíocht mhaith ann do fhoghlaim neamhspleách.

Sonraí teagmhála: Debbie Merrigan, Fastrack into Information Technology Limited, 7a Bellevue Industrial Estate, Glasnevin, Dublin 11. Fón: 01 882 5570
R-phost: DebbieMerrigan@fit.ie Suíomh gréasáin: <http://help-theproject.eu>



JUSTISIGNS - VET in Interpreting and Justice

Interesource Group (Ireland) Limited



There is a growing body of literature that examines sign language interpreting provision and practices in legal contexts in various countries. A common recurring theme is the limitations that are faced by deaf sign language users in gaining access to justice. These may be systemic in nature, arising as a result of lack of interpreter provision. However, in other instances, interpreters provided are not trained (or are inadequately trained), and there is a widespread lack of registration/accreditation of interpreters working in legal domains. Additionally, legal professionals are also typically unaware of Deaf cultural and linguistic nuances and the communication dynamic which is shaped by interpreted interactions. A significant knowledge gap exists amongst the interlocutors within the triadic exchange which comprises the Deaf party (for example the accused, victim, complainant or witness); a legal professional (for example the police officer, lawyer or judge), and the sign language interpreter.

Since 2013, the JUSTISIGNS team have been working to improve access to justice by providing training and continuous professional development to each of these interlocutor groups across the partner countries and beyond.

Evidence-based research was conducted across Europe to establish the state of play of interpreter provision across the

member states. In each country, extensive focus groups and consultation with key stakeholders informed the team about which types of training resources were needed. A series of toolkits and resources were created with targeted audiences in mind. These included an online three-way training programme; toolkits and guidebooks for the police; and posters and the delivery of expert masterclasses across the partner countries. Although the project concluded in 2016, the team continues to offer training in Europe (e.g. the Balkan states), Australia and New Zealand.

JUSTISIGNS was developed with Leonardo da Vinci programme funding from the European Commission. The partnership comprised deaf and hearing experts, researchers and interpreter practitioners from organisations across Europe:

- Interesource Group (Ireland) Limited (coordinator)
- European Forum of Sign Language Interpreters (efsli), Belgium
- European Legal Interpreters' & Translators' Association (EULITA), Belgium
- KU Leuven, Faculty of Arts Campus Antwerp, Belgium
- Centre for Deaf Studies, Trinity College Dublin, Ireland
- University of Applied Sciences of Special Needs Education, Switzerland
- Heriot Watt University, Scotland

Jury Comments:

The training and use of Deaf Interpreters as well as Sign Language Interpreters is a new and key feature of this initiative. The purpose is to ensure consistency in the interpretation of oral engagement with the members of the justice system, in particular the Gardaí.

Contact details: Haaris Sheikh, Interesource Group (Ireland) Limited, 48 South William Street, Dublin 2.
Tel: 01 677 1957 Email: haaris@interesourcegroup.com Website: www.justisigns.com



JUSTISIGNS – VET san Ateangaireacht agus sa Chóras Dlí

Interesource Group (Éire) Limited



Tá níos mó agus níos mó litríochta ann a dhéanann scrúdú ar sholáthar agus ar chleachtadh ateangaireachta teanga comharthaíochta i gcomhthéacsanna dlíthiúla i dtíortha éagsúla. Tagann téama coitianta chun tosaigh go minic, agus is é sin, na teorainneacha atá roimh úsáideoirí theanga comharthaíochta na mbodhar agus iad ag dul isteach sa chóras dlí. Seans gur chuid den chóras iad na teorainneacha seo, agus go bhfuil siad ann toisc nach soláthraítear ateangaire. Ach, i gcásanna eile, níl aon oiliúint ag na ateangairí atá ar fáil (nó níl mórán oiliúna acu), agus níl mórán cláraithe/ creidiúnaithe déanta de na hateangairí atá ag obair i réimsí an dlí. Chomh maith leis sin, de ghnáth bíonn daoine gairmiúla dlíthiúla aineolach ar mhiondífriochtaí cultúrtha teangeolaíoch na mBodhar agus ar an dinimic chumarsáide a mhúnlaíonn an chiall a bhaintear as idirghníomhaíochtaí. Tá bearna suntasach eolais ann idir na idirghabhálaithe taobh istigh den mhalartú triadach ina bhfuil an Duine Bodhar (an cúisí, an t-íospartach, an gearánaí, nó an finné, mar shampla); duine gairmiúil dlíthiúil (póilín, dlíodóir, nó breitheamh, mar shampla), agus ateangaire na teanga comharthaíochta. Ó 2013, tá foireann JUSTISIGNS ag obair ar fheabhas a chur ar conas dul i ngleic leis an gcóras dlí. Cuireann an fhoireann oiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil do gach ceann de na grúpaí idirghabhálaithe trasna na dtíortha ina bhfuil páirtithe agus i dtíortha eile.

Rinneadh taighde ar bhonn fianaise trasna na hEorpa le fáil amach cén staid ina raibh soláthar ateangairí trasna na

mballstát. I ngach tír, tar éis a lán grúpaí focais agus tar éis labhairt leis na páirtithe leasmhara is tábhachtaí bhí bonn eolais ag an bhfoireann faoi na cineálacha áiseanna oiliúna a bhí riachtanach. Cruthaíodh sraith straitéisí agus áiseanna agus iad á ndírú ar dhaoine áirithe. Ina measc tá: clár oiliúna trí bhealach; sraith straitéisí agus treoirleabhair do na póilíní; agus póstaí agus soláthar sainmhaistir-ranganna trasna na dtíortha a bhfuil páirtithe iontu. Cé go raibh deireadh leis an tionscadal in 2016, leanann an fhoireann ag tairiscint oiliúna san Eoraip (m.sh. i Stáit na mBalcán), san Astráil agus sa Nua-Shéalainn.

Forbraíodh JUSTISIGNS ó maoiniú ó chlár Leonardo da Vinci an Choimisiúin Eorpach. Sa chomhpháirtíocht bhí saineolaithe na héisteachta agus na mbodhar, taighdeoirí agus cleachtóirí ateangaireachta ó eagraíochtaí trasna na hEorpa:

- Interesource Group (Éire) Limited, (comhordaitheoir)
- Fóram Eorpach Ateangairí Teanga Comharthaíochta (efsli), An Bheilg
- Cumann Ateangairí & Aistritheoirí Dhlí na hEorpa (EULITA), An Bheilg
- KU Leuven, Campas Dhamh na nEalaíon, Antwerp, An Bheilg
- Ionad Staidéir na mBodhar, Coláiste na Tríonóide, Éire
- Ollscoil Eolaíocht Fheidhmeach Riachtanais Speisialta Oideachais, An Eilvéis
- Ollscoil Heriot Watt, Albain

Tuairim a Ghiúiré:

Is rud nua tábhachtach é sa tionsamh seo go bhfuil Ateangairí na mBodhar chomh maith le hAteangairí Teanga Comharthaíochta á n-oiliúint agus á n-úsáid. Cinntíonn seo go bhfuil leanúnachas ann in ateangaireacht na teagmhála béil le baill an chórais dlí, go háirithe na Gardaí.

Sonraí teagmhála: Haaris Sheikh, Interesource Group (Éire) Limited, 48 Sráid Uilliam Theas, Baile Átha Cliath 2. Fón: 01 677 1957 R-phost: haaris@interesourcegroup.com
Suíomh gréasáin: www.justisigns.com





TG4 Foghlaim is a new audio-visual educational resource focused on the Leaving Certificate Irish Language Oral Exam. Teachers can access lesson plans based on online interactive exercises that are accompanied by video clips from the best of the programmes on TG4.

Every topic is developed in a way that supports the aims of the curriculum at Leaving Certificate level, but learners at other levels can also use the material. TG4 Foghlaim uses archive material which illustrates the variety of ways in which Irish is used as a living language today, which adds to the pupils' understanding of a society favourable to languages. An emphasis is placed on interesting, stimulating material. The video clips are chosen to be suitable for young people, so they can gain personal satisfaction while are learning the language.

As a result of this, pupils obtain experience of the use of the language outside of the classroom. The communicative approach is used in all of the lessons, which means that pupils participate in tasks which emphasise their personal communication needs. The graded approach of the lessons supports the gradual improvement of the pupils' language skills. Teachers can adapt

the material to different levels of ability. Emphasis is placed on fluency and language precision in a fun interactive way. Pupils and teachers can use the material at any time or in any place, and at no cost. The comprehension exercises can be corrected automatically online.

There are also new visual presentations of the poetry set for the Oral Exam. Pupils have an opportunity to explore a literary and metaphorical explanation of the poems through exercises that support different styles of learning.

There is a link to TG4 short films which would be suitable for the new curriculum for the Junior Certificate.

TG4 Foghlaim is available for free at www.tg4.ie/foghlaim

“TG4 Foghlaim uses archive material which illustrates the variety of ways in which Irish is used as a living language today, which adds to the pupils’ understanding of a society favourable to languages.”

The project co-ordinators have involved a team of TG4 employees to bring the project to fruition and are to be commended on developing it to highest production standards. A key feature of the project is that the material is available in the three main Irish dialects.

Contact details: Caitlin Neachtain, TG4 Foghlaim, Ceannáras TG4, Ballynahown, Co. Galway.
Tel: 091 505 050 Email: foghlaim@tg4.ie Website: www.tg4.ie/foghlaim



Is acmhainn nua oideachais chlosamhairc é TG4 Foghlaim atá dírithe ar Bhéaltríail Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Tá fáil ag múinteoirí ar phleananna ceachta atá bunaithe ar chleachtaí idirghníomhacha (ar líne) a ghabhann le míreanna fise ó scoth na gclár ar TG4.

Forbraítear gach topaic ar bhealach a thacaíonn le spriocanna an churaclaim ag leibhéal na hArdteistiméireachta, ach is féidir le foghlaimoirí ag leibhéal eile úsáid a bhaint as an ábhar freisin. Baineann TG4 Foghlaim úsáid as ábhar cartlainne a léiríonn éagsúlacht na mbealaí ina n-úsáidtear an Ghaeilge mar theanga bheo sa lá atá inniu ann, rud a chuireann le tuiscint na ndaltaí ar shochaí atá báúil le teangacha. Cuirtear béim ar ábhar spésiúil spreagúil. Roghnaítear míreanna fise atá in oiriúint do dhaoine óga le sástacht phearsanta a chothú agus iad i mbun fhoghlaim na teanga.

Dá bhrí sin, faigheann daltaí taithí ar úsáid na teanga lasmuigh den seomra ranga. Baintear úsáid as an gcur chuige cumarsáideach sna ceachtanna go léir, rud a chiallaíonn go nglacann daltaí páirt i dtascanna a chuireann béim ar a gcuid riachtanas cumarsáide pearsanta. Tacaíonn cur chuige céimnithe na gceachtanna le feabhas a chur ar scileanna teanga na ndaltaí de réir a chéile,

agus is féidir le múinteoirí an t-ábhar a chur in oiriúint do leibhéal dhifriúla cumais chomh maith. Cuirtear béim ar líofacht agus ar chruinneas teanga ar bhealach spraiúil idirghníomhach agus is féidir le daltaí agus le múinteoirí an t-ábhar a úsáid am nó áit ar bith agus gach rud ar fáil saor in aisce ar líne. Is féidir na cleachtaí tuisceana idirghníomhacha a cheartú go huathoibreach ar líne.

Anuas air sin, déantar léiriú nua físiúil ar an bhfilíocht atá leagtha síos don Bhéaltríail. Beidh deis ag daltaí eolas a shealbhú ar mhíniú liteartha agus meafarach na ndánta trí cheachtanna a thacaíonn le stíleanna éagsúla foghlama. Tá nasc ar an suíomh chuig scannáin ghearra de chuid TG4 a bheadh feiliúnach don churaclam nua don Teastas Sóisearach.

Tá TG4 Foghlaim ar fáil saor in aisce ar www.tg4.ie/foghlaim

“Baineann TG4 Foghlaim úsáid as ábhar cartlainne a léiríonn éagsúlacht na mbealaí ina n-úsáidtear an Ghaeilge mar theanga bheo sa lá atá inniu ann, rud a chuireann le tuiscint na ndaltaí ar shochaí atá báúil le teangacha.”

Thug comhordaitheoirí an tionscadail ar fhoireann fhostaithe TG4 bheith páirteach chun an tionscadal a thabhairt chun críche agus ba chóir iad a mholadh ar fhorbairt an tionscadail go dtí na caighdeáin léiriúcháin is airde. Is é an rud tábhachtach sa tionscadal go bhfuil an t-ábhar ar fáil sna trí chanúint.

Sonraí teagmhála: Caitlin Neachtain, TG4 Foghlaim, Ceannáras TG4, Baile na hAbhann, Contae na Gaillimhe. Fón: 091 505 050 R-phost: foghlaim@tg4.ie
Suíomh gréasáin: www.tg4.ie/foghlaim



Language Teachers of the Year 2017

A Spanish teacher started out with a beginners' Spanish class in October 2016 and in June of this year, she attended a photographic exhibition with the class. Pupils were told to choose their favourite photograph, and that they would then talk about it and answer any questions from the rest of the class. The class walked out of the exhibition with a massive confidence boost: they had just discussed a piece of artwork in a language they didn't know a word of a year previously. Context is always important and creating a situation which makes learners feel confident is a skill.

As this example shows, Language Teachers are very skilled professionals. They can spend five years on an undergraduate degree and a further two on a postgraduate qualification enabling them to teach. And then comes experience -- all of which adds up to a highly skilled professional. We entrust our most valuable resource to these professionals: the next generation. Languages are the door to the world, and to a host of new opportunities. We need languages to study abroad, travel abroad, job-shadow, do business abroad, and then bring all the benefits back home, so that we remain open-minded citizens of the world. That's a lot of responsibility for language teachers!

Our four Language Teachers of the Year are wonderful examples of these highly skilled professionals. They are hard-working, committed, energetic and enthusiastic individuals who have earned their pupils' respect. They have artistic and creative classrooms. They have a cultural awareness of traditions and

festivals and are up to date with current affairs, and they share this knowledge with their pupils. They frequently travel to their relevant countries to keep their linguistic skills up to date. They organise annual school exchanges which take a lot of time and effort, and numerous pupils have made lifelong friendships through the exchanges. They are involved in national competitions with relevant cultural institutes, and through competitions they have taught their pupils how to debate, cook, research, apply for jobs and many other skills. They have cultivated their pupils' interest in the arts through films and exhibitions. They use a variety of technologies. They have both attended and contributed to continuous professional development courses. And the ultimate compliment for any teacher, they have inspired pupils to study their subject at university.

The winners of the Language Teacher of the Year 2017 Award are:

- Annie Asgard
- Katie Hannon
- Gretta Daly
- Maria Whitty-Sexton

Nellie Tattersall,
Languages Coordinator, Léargas



Múinteoirí Teanga na Bliana 2017

Thosaigh múinteoir Spáinnise le tosaitheoirí i rang Spáinnise i mí Dheireadh Fómhair 2016 agus i mí Meithimh na bliana seo, d'fhreastail sí ar thaispeántas grianghraf leis an rang. Dúradh le daltaí an grianghraf ab fhearr leo a roghnú, agus go labhródh siad ansin faoi agus go bhfreagródh siad aon cheisteanna a chuirfeadh an chuid eile den rang. Shiúil an rang amach as an taispeántas agus spreagadh mór lena muinín; bhí siad tar éis saothar ealaíne a phlé i dteanga nár thuig siad focal di an bhliain roimhe sin. Bíonn tábhacht le comhthéacs i gcónaí agus is scil í staid a chruthú ina bhfuil muinín ag foghlaimoirí astu féin.

Mar a léiríonn an sampla seo, is daoine gairmiúla iad múinteoirí teanga a bhfuil an-scileanna acu. Is féidir leo cúig bliana a chaitheamh ar bhunchéim agus dhá bhliain eile ar cháilíocht iar-chéime chun cur ar a gcumas teagasc a dhéanamh. Agus ansin bíonn taithí ann ina dhiaidh sin – cruthaíonn na rudaí seo uile daoine gairmiúla a bhfuil ardscoilleanna acu. Cuirimid an acmhainn is luachmhaire againn de chúram ar na daoine gairmiúla seo: an chéad ghlúin eile. Cruthaíonn teangacha a lán féidearthachtaí nua. Is gá dúinn teangacha a bheith againn le staidéar a dhéanamh thar lear, le taisteal thar lear, le scáthfhoghlaim, le gnó a dhéanamh thar lear, agus ansin pillimid abhaile agus na buntáistí uile linn, ionas go mbeimid inár saoránaigh leathaiqeanta den domhan. Sin a lán cúraimí ar mhúinteoirí teanga!

An ceathrar a roghnaíodh mar Mhúinteoirí Teanga na Bliana is samplaí iontach iad de na daoine gairmiúla seo a bhfuil ardscoilleanna acu. Oibríonn siad go crua, tá siad tiománta, fuinniúil agus díograiseach, agus thuill siad meas a ndaltaí. Na seomraí ranga atá acu tá siad cruthaitheach ealaíonta.

Tá feasacht cultúrtha ag an gceathrar ar thraidisiúin agus ar fhéilte agus tá eolas suas chun dáta acu ar chúrsaí reatha, agus roinneann siad an t-eolas seo lena ndaltaí. Is minic a thaistealann siad chuig na tíortha ina labhraítear a dteanga teagaisc chun a scileanna teanga a choimeád suas chun data. Eagraíonn siad malartaithe scoile gach bliain agus tá a lán ama agus dua i gceist, agus rinne a lán daltaí cairdeas ar feadh saoil sna malarthaithe seo. Tá baint ag an gceathrar le comórtais náisiúnta in instiúidí ábhartha cultúrtha, tríd na comórtais seo mhúin siad dá ndaltaí conas díospóireacht, cocáireacht, taighde a dhéanamh, conas cur isteach ar phoist, agus mhúin siad a lán scileanna eile dóibh. Chothaigh siad suim na ndaltaí sna healaíona agus iad ag úsáid scannán agus taispeántas. Úsáideann siad teicneolaíochtaí éagsúla. D'fhreastail siad ar chúrsaí a bhain le forbairt ghairmiúil leanúnach agus bhí siad páirteach iontu. Agus an moladh is fearr le haghaidh múinteoir ar bith, spreag siad daltaí chun staidéar a dhéanamh ar a n-ábhar san ollscoil.

Is iad seo na buaiteoirí a fuair Gradam Mhúinteoir Teanga na Bliana 2017:

- Annie Asgard
- Katie Hannon
- Gretta Daly
- Maria Whitty-Sexton

Nellie Tattersall
Comhordaitheoir Teangacha, Léargas



Language Teachers of the Year

Annie Asgard



Annie is an English Language Support Teacher at Claddagh National School, Galway, where she helps primary school pupils achieve their full potential academically, socially and emotionally.

She excels at ensuring her pupils develop the ability to understand and communicate, using a wide variety of resources and innovative, child-centred approaches. Her pupils love playing games in her class, and are delighted with the interest she shows in learning a few words from their languages. She engages her pupils in tasks and projects that focus on cultural and intercultural issues directly relevant to their own experiences. While researching, producing and presenting these projects, the pupils develop their skills in English, gain confidence and learn to value all cultures.

Annie incorporates education about Irish culture and society into the teaching of English, while also placing a great emphasis on recognising and valuing the home cultures of the children she teaches. Her enlightened philosophy of intercultural understanding benefits not only the pupils she teaches, but also other pupils and staff in the school.

Both Annie and her pupils know how important it is to speak more than one language. Her pupils are learning English, but their home languages are equally important, and they take great pride in being able to speak several languages. This pride, along with Annie's expertise in developing multilingualism, helps pupils to find their place in the school, the area and the greater world.

